Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Márta 2026
(OR. en)

**7761/26**

**MI 298**
**IND 216**
**COMPET 381**
**ENV 290**
**TRANS 181**
**DELACT 58**
**ENT 60**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1808 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.3.2026 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus astaíochtaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus le haghaidh feithiclí sainchuspóireacha, córas páirceála uathoibrithe le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, na ceanglais maidir le sábháilteacht leictreach agus ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar rogha eile i gCuid II den Iarscríbhinn sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1808 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1808 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2026
C(2026) 1808 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.3.2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus astaíochtaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus le haghaidh feithiclí sainchuspóireacha, córas páirceála uathoibrithe le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, na ceanglais maidir le sábháilteacht leictreach agus ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar rogha eile i gCuid II den Iarscríbhinn sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an Rialachán seo Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 chun na forbairtí teicniúla agus rialála is déanaí ar leibhéal an Aontais agus ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) a chur san áireamh.

I ndáil leis sin, an liosta ceanglas is infheidhme maidir le cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta mar a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, comhlánaítear é chun na nithe seo a leanas a chur isteach:

(1) Tagairt do Rialachán Euro 7 agus do ghníomhartha rialála na chéad chéime dá chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le feithiclí saothair éadroim agus na ceanglais a leagtar amach ann.

(2) Tagairt do na córais uathoibrithe páirceála ionas go mbeifear in ann cineálcheadú AE a dheonú d'fheithiclí atá feistithe le córais den sórt sin a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún.

(3) Tagairt do chórais cúnta tiománaí chun cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine a thabhairt i leith feithiclí atá feistithe le córais den sórt sin a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe.

Foráiltear leis an Rialachán seo freisin aga seachadta breise do mhonaróirí feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga agus i bhfeithiclí sainchuspóireacha chun na ceanglais maidir le hardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí a chomhlíonadh (an 7 Iúil 2026 le haghaidh cineálacha nua agus an 7 Iúil 2028 le haghaidh feithiclí nua).

Thairis sin, cuirtear solúbthacht bhreise ar fáil do mhonaróirí feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí trí thástálacha áirithe a tharscaoileadh faoi Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe ar choinníoll nach modhnaítear an córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe leis na modhnuithe ar struchtúr na feithicle.

Leis an Rialachán seo freisin tugtar cothrom le dáta an tábla a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 lena liostaítear na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus a leaganacha faoi seach a aithnítear mar leaganacha coibhéiseacha chun críoch chineálcheadú AE.

Cuimsítear i gCuid III d'Iarscríbhinn II na hábhair a chumhdaítear le Rialachán Euro 7 agus le gníomhartha rialála na chéad chéime dá chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le feithiclí saothair éadroim ionas go mbeifear in ann feithiclí sainchuspóireacha a chomhlíonann ceanglais na rialachán sin a cheadú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh seo á ullmhú, rinne an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit i gcruinnithe na Meithle um Mótarfheithiclí a tionóladh an 5 Nollaig 2024, an 6 Feabhra agus an 2 Iúil 2025, inar tacaíodh go ginearálta leis an dréacht. D'fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an dréachtghníomh le linn an chruinnithe de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát a reáchtáladh an 12 Eanáir 2026.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an gníomh tarmligthe ar an tairseach 'Cloisimis Uait' ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 19 Samhain 2025

agus an 17 Nollaig 2025. San iomlán, thug 10 bpáirtí leasmhara aiseolas. Rinne an Coimisiún na barúlacha uile a cuireadh isteach a bhreithniú go cúramach agus thug sé dá aire iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad Airteagal 5(3), Airteagal 41(5) agus Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) 2018/858 bunús dlí an Rialacháin seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.3.2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus astaíochtaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus le haghaidh feithiclí sainchuspóireacha, córas páirceála uathoibrithe le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, na ceanglais maidir le sábháilteacht leictreach agus ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar rogha eile i gCuid II den Iarscríbhinn sin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE[1], agus go háirithe Airteagal 5(3), Airteagal 41(5) agus Airteagal 57(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa tábla in Iarscríbhinn II, Cuid I, a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, tá an liosta ceanglas maidir le cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta mar a leagtar amach sna gníomhartha rialála comhfhreagracha dá dtagraítear sa tábla. Chun forbairtí teicneolaíochta agus rialála a chur san áireamh, is gá tagairt a chur isteach ann do na rialacháin nuaghlactha lena leagtar síos ceanglais maidir le ceadú feithiclí atá feistithe le córais cúnta tiománaí agus córas páirceála uathoibrithe agus maidir le ceadú feithiclí Euro 7.

(2) Go sonrach, leagtar síos le Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe[2] forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i dtaca le córais cúnta tiománaí. I gcomhréir le pointe E10 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], tá feidhm ag ceanglais theicniúla Rialachán

1 IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj.

2 Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i dtaca le Córais Cúnta Tiománaí (CCT) [2024/2689] (IO L, 2024/2689, 4.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2689/oj).

3 Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE)

Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe ar bhonn deonach (má tá sé feistithe). Chun cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine a thabhairt i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta atá feistithe le córais den sórt sin, is iomchuí na córais sin a chur sa tábla i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

(3) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún[4] tá na ceanglais maidir le ceadú mótarfheithiclí atá feistithe le córas páirceála uathoibrithe. Chun go mbeidh monaróirí in ann iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE feithicle ina hiomláine le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus atá feistithe le córais uathoibrithe páirceála, is gá na córais sin a chuimsiú sa liosta sa tábla i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

(4) Le Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leagtar amach ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú astaíochtaí feithiclí Euro 7. Thairis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún[6], leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$. Is gá an liosta gníomhartha rialála sa tábla i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 a chomhlánú chun na ceanglais faoi seach maidir le feithiclí Euro 7 a chumhdach freisin.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 ón gCoimisiún[7] leagtar síos rialacha maidir leis na córais faireacháin ar bord, feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh, pas feithicle comhshaoil agus taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil agus feistí cúblála agus straitéisí cúblála. Is gá na ceanglais sin agus

---

Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj).

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoireamacha le haghaidh chineálcheadú an chórais tiomána uathoibrithe (ADS) i bhfeithiclí lán-uathoibrithe (IO L 221, 26.8.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1426/oj).

5 Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L 2024/1257, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj)

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj).

7 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, le haghaidh feistí OBFCM agus córais OBM, saintréithe agus feidhmíocht córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú, formáid EVP agus sonraí agus modhanna cumarsáide maidir le sonraí EVP mótarfheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ (IO L, 2025/1707, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj).

tagairt do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 a chuimsiú sa liosta gníomhartha rialála i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

(6) Iontrálacha a thugtar isteach in Iarscríbhinn II, Cuid I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i dtaca le feidhmíocht chomhshaoil agus astaíochtaí, tá feidhm acu maidir le feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus maidir le Euro 7ext, i gcomhréir le forálacha Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257, lena dtagraítear do na colúin ina leagtar amach na ceanglais maidir le cineál feithicle de chatagóir $N_1$.

(7) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart na hábhair a bhaineann le 'Cumhacht innill a thomhas' agus 'Oibriú córais ina n-úsáidtear imoibrí inchaite agus córas rialaithe truaillithe' a chuimsiú sa dá roinn de na táblaí in Iarscríbhinn II, le haghaidh feithiclí a cheadaítear faoi Euro 6 agus le haghaidh feithiclí Euro 7, faoi seach.

(8) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2590 ón gCoimisiún[8] leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí áirithe i ndáil lena n-ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí Tá feidhm ag na ceanglais sin maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta le haghaidh cineálacha nua ón 7 Iúil 2024 ar aghaidh agus maidir le feithiclí nua ón 7 Iúil 2026 ar aghaidh. Chun go mbeidh monaróirí feithiclí i sraitheanna beaga agus monaróirí feithiclí sainchuspóireacha in ann na ceanglais nua a chur chun feidhme, is gá aga seachadta breise 2 bhliain a thabhairt dóibh chun a bpróiseas táirgthe a oiriúnú.

(9) I sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe[9], tá ceanglais níos déine maidir le gléasra cumhachta leictreach feithiclí, ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le feithiclí nua a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta. Tá feidhm ag na ceanglais sin ón 1 Meán Fómhair 2025. Ionas go mbeidh monaróirí feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga in ann a dtáirgeadh a choigeartú chun na ceanglais níos déine a chomhlíonadh, ba cheart aga seachadta leordhóthanach a thabhairt do na monaróirí sin chun na ceanglais a chur chun feidhme. Thairis sin, ós rud é gur monaróirí beaga agus meánmhéide is mó a tháirgeann feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, ba cheart solúbthacht bhreise a sholáthar chun an t-ualach ar na monaróirí a tháirgeann na feithiclí sin a laghdú trí na tástálacha faoi mhíreanna 6.4 agus 6.5 de Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe a tharscaoileadh, i gcás nach modhnaítear an córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe leis an modhnú ar struchtúr na feithicle.

(10) Sa tábla a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, liostaítear na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus a leaganacha faoi seach a aithnítear mar leaganacha coibhéiseacha chun críoch chineálcheadú AE. Ba cheart an tábla sin a thabhairt cothrom le dáta chun forbairt rialála ar leibhéal CEE-NA a chur san áireamh.

---

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2590 Ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí áirithe i dtaca lena n-ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí agus lena leasaítear an Rialachán sin (IO L 2023/2590, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2590/oj ).

[9] Rialachán Uimh. 100 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le ceanglais shonracha i gcás an ghléasra cumhachta leictrí [2024/1955] (IO L, 2024/1955, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1955/oj).

(11) Sna táblaí i bhFoscríbhinní 1 go 6 i gCuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, tá an liosta ceanglas maidir le ceadú feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus Euro 7ext, i gcomhréir le forálacha Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257, mar a leagtar amach sna gníomhartha rialála comhfhreagracha dá dtagraítear sa tábla. Is gá an liosta gníomhartha rialála sna táblaí sin a chomhlánú chun na ceanglais faoi seach maidir le feithiclí Euro 7 atá le ceadú mar fheithiclí sainchuspóireacha a chumhdach freisin.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/858 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*